# Glór

BUANÚ AGUS NEARTÚ NA GAEILGE SAN IARTHUAISCIRT

**Eagrán 004** **Aibreán 2022**




Comhghairdeas le Michelle Mháinis Uí Dhomhnaill agus a páirtí Éamonn a chur fáilte roimh theifigh as an Úcráin go dtí na tithe saoire 'Gleann na Síog' sna Doirí Beaga ansin le gairid. D'eagraigh Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair ócáid fáilte dóibh sa Chrannóg ar na mallaibh! Rinne Dolores Mhic Géidigh ón ETB cur síos ar na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh agus bhain siad sult as na sólaistí agus an fáilte a cuireadh rompu!







D’eagraigh muid lá spóirt mór ansin le gairid do na trí club óige sa cheantar Dobhar, Cnoc Fola agus Rann na Feirste rud a bhain siad sult mhór as. Tá físeán déanta ag Molscéal atá amuigh anois ar na meáin shóisialta ina bhfuil cur síos níos mó déanta ar an lá. Nasc don físeán anseo: [Ag teacht le chéile | Nua | Molscéal (molsceal.ie)]




Ghlac 36 duine as an Limistéar Pleanála Teanga seo páirt in Comórtas Reatha na Gaeltachta 2022 ina raibh ar dhaoine a dhul amach agus 10km a shiúil nó a rith gach seachtain. Ghlac 230 duine páirt sa chomórtas ar bhonn náisiúnta . Rinneadh briseadh síos ar na foirne i dhá rannóg. Rannóg le foirne os cionn 20 rannpháirtithe agus rannóg le foirne níos lú ná 20 rannpháirtithe. Chríochnaigh foireann s’againn féin Siúlach & Scéalach sa 5ú áit sa rannóg le foirne os cionn 20 rannpháirtithe. Maith muid uilig. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do Colm Ó Baoill, Ella Byrne agus Kathleen Rodgers a rinne an méid is mó míleáiste sa ghrúpa. Comhghairdeas libh! B’é Colm an 5ú duine is aclaí sa tír fosta mar sin cúis mhór bróid dó féin go pearsanta.




| Ainm an Ghrúpa | Ceantar | Contae | Líon | Kms S.1 | Kms S.2 | Kms S.3 | Kms S.4 | Meán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Os cionn 20 rannpháirtithe | | | | | | | | |
| Goitse | Árainn Mhór | Dún na nGall | 30 | 1,155.45 | 1510.05 | 1499.95 | 1527.77 | 47.44 |
| Rith Chorca Dhuibhne | Corca Dhuibhne | Ciarraí | 27 | 1,146.2 | 1294.5 | 1056.80 | 1104.2 | 42.60 |
| Reathaithe Rua | An Cheathrú Rua | Gaillimh | 27 | 754.88 | 1085.97 | 1163.78 | 1368.17 | 40.48 |
| Mí-Aclaí | Gaeltacht na Mí | An Mhí | 54 | 1857.73 | 2145.98 | 1837.39 | 2218.48 | 37.31 |
| Siúlach & Scéalach | Iarthuaisceart Dhún na nGall | Dún na nGall | 36 | 902.36 | 1240 | 1145.52 | 1252.40 | 31.52 |
| Cosa an Phobail | Iardheisceart Thír Chonaill | Dún na nGall | 21 | 482.61 | 603.55 | 445.63 | 380.55 | 22.76 |
| Níos lú ná 20 rannpháirtithe | | | | | | | | |
| Múscailt Mhúscraí | Múscraí | Corcaigh | 12 | 782.43 | 833.48 | 771.85 | 867.8 | 67.82 |
| Na Sodairí ar Sodar | Ceantar na nOileán | Gaillimh | 14 | 468.8 | 648.38 | 690.58 | 820.9 | 46.94 |
| Uíbh REATHAch | Uíbh Ráthach | Ciarraí | 9 | 260.29 | 360.43 | 262.41 | 246.00 | 31.36 |






| | Ainm | Grúpa | Ceantar | Míleáiste – km |
|---|---|---|---|---|
| 1. | Jamie Ó Flannúra | Rith Chorca Dhuibhne | Ciarraí Thiar | 451 |
| 2. | Gráinne Ní Dhomhnaill | Reathaithe Rua | An Cheathrú Rua | 432 |
| 3. | Tara Nic Eachráin | Goitse! | Árainn Mhór | 430.68 |
| 4. | Siobhán Ní Loinsigh | Múscailt Mhúscraí | Múscraí | 426 |
| 5. | Colm Ó Baoill | Siúlach & Scéalach | Iarthuaisceart Dhún na nGall | 378.03 |
| 6. | Aoife Ní Chiobháin | Rith Chorca Dhuibhne | Ciarraí Thiar | 359 |
| 7. | Mairéad Ní Bheaglaoich | Mí-Aclaí | Gaeltacht na Mí | 358.58 |

Bhí deireadh seachtaine den scoth eagraithe ag Scoil Gheimhridh Ghaoth Dobhair idir an 14ú agus an 18ú don mhí seo caite . Bhí ceoltóirí agus bannaí ceoil ar dóigh ag suinm cosúil le Altán, Steve Cooney, Iarla Ó Lionáird, Dermot Byrne agus a iníon Nia, An Crannóg srl. Beidh an chéad Scoil Gheimhridh eile ar siúl idir an 27ú Nollaig agus an 1ú Eanair.












## Cúpla focal Úcráinise

| | | |
|---|---|---|
| Fáilte! | Welcome! | Laskavo prosymo! |
| Fáilte go hÉirinn! | Welcome to Ireland! | Laskavo prosymo do Eerlandee! |
| Fáilte go Gaoth Dobhair ! | Welcome to Gweedore ! | Laskavo prosymo do Geedoor! |
| Go raibh maith agat! | Thank you! | Dyakooyoo! |
| Dia dhuit! | Hello! | Dobriy den! |
| Cad é mar atá tú? | How are you? | Yak spravy? |
| Go maith. | Good. | Dobre. |
| Slán! | Goodbye! | Do pobachennya! |

Comhar Naíonraí na Gaeltachta

## Naíonra agus Iar Naíonra Chnoc Fola

## Ag clárú páistí do Mheán Fómhair

**Amanna Oscailte**
9.15-12.15 ECCE
12.15-2.15 Iar Naíonra



Dhá bhliain saor in aisce faoin Scéim Um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige

Déan teagmháil le:
Julianne: 0879672800/0830167561
Rphost : cnocfola@cnng.ie

## Cur aithne ar Tara



**Ainm**: Tara Ní Dhomhnailll

**Post**: Ag obair le Údarás na Gaeltachta

Caitheamh aimseartha: Peil Gaelach, Ag Siúl Cois Farraige, Cadhcáil & Dreapadóireacht Sléibhte

Bia: Stéig

Deoch: Fíon

Scannán: The Blind Side

Leabhair: Becoming – Michelle Obama / 1984 – George Orwell

Meáin shóisialta: Twitter

Laoch: Roisín Nic Ruairí

Oíche amuigh: Teach Sheáin Óig nó Teach Mhicí

Cuireadh chuig cóisir: Brid Mulligan, Gannah + Will Ferrell

Laethanta saoire: An Chróit / An Iodáil

Seanfhocal: An áit a bhfuil do chroí is ann a thabharfaidh do chosa thú

Mana saoil: Bain sult as gach lá

### Irish Language Classes

If you would like to brush up on your Irish or are a complete learner, the following centres in your area will have up to date information on classes catering for all abilities and ages.

An Crannóg , Derrybeg (0749532208) Muintearas (0749532578) & Acadamh (091494657) Páirc Gnó. Ionad Naomh Pádraig, Dore. (0749562222) Teach Niall Ó Domhnaill, Lochanure (0863899345)

Any other information or advice, contact The Language Planning Office at 0749560620

Keep up to date with these centres on Facebook

## Apps Gaeilge

Four Popular Irish Language Learning Apps

1. Cúla 4 2. Nemo

3. Duolingo 4. Enjoy Irish

Meitheal Pleánála Teanga an Iarthuaiscirt,
An Crannóg,
Srath na Corcra,
Doirí Beaga,
Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall

Fón: 0749560620/ 0872491101
mpt.iarthuaiscirt@gmail.com
www.mptiarthuaiscirt.ie

**Labhair í agus mairfidh sí!**